Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0179

Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032): Prótacal Cur Chun feidhme

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) (13158/2025 – C10-0346/2025 – 2025/0287(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13158/2025),

– ag féachaint don Dréacht-Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) (13165/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0346/2025),

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), do Riail 117(7) agus Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0092/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an phrótocail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí

na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Oileáin Cook.